Tionól Bia agus Dí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thionól mór bia agus dí. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. tionól	a. *crabs*
2. ceannaitheoir	b. *mussels*
3. as chuile chearn den domhan	c. *far away*
4. portáin	d. *to grow bigger*
5. is ar éigean a cheap éinne	e. *every likelihood*
6. diúilicíní	f. *convention*
7. gliomach	g. *lobster*
8. i gcéin	h. *greatly taken by the food*
9. an-tóir	i. *buyer*
10. gach cosúlacht	j. *from every corner of the world*
11. tógtha go maith leis an mbia	k. *great demand, popular*
12. dul i méid	l. *hardly anyone believed*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc arís agus abair an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach.

1. Tá breis is cúig chéad ceannaitheoir bia agus dí ó gach cearn den domhan ag freastal ar an tionól.

2. Tá an comhlacht *Carr Shellfish* ar bun le hochtó bliain anuas.

3. Tá an-tóir ag na Normannaigh agus ag na Gearmánaigh ar tháirgí *Carr Shellfish* le blianta fada anuas.

4. Ba as an India an chuid is mó de na ceannaitheoirí a thug cuairt ar mhonarcha *Carr Shellfish* inniu.

5. Deir Billy Carr go bhfuil na margaí nua thar lear anois.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre**.**

Ceist 4 '...**Beidh** na ceannaitheoirí...'

1. Féach ar na briathra mírialta san aimsir fháistineach agus líon na bearnaí.

abair	An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/ Ní déarfaidh
beir	An _____ tú? Béarfaidh/ Ní bhéarfaidh
clois	An gcloisfidh tú? _____/ Ní chloisfidh
déan	An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/ Ní _____
faigh	An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/ Ní _____
feic	An _____ tú? Feicfidh / Ní fheicfidh
ith	An íosfaidh tú? _____/ Ní íosfaidh
tabhair	An dtabharfaidh tú? _____/ Ní thabharfaidh
tar	An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/ Ní _____
téigh	An _____ tú? Rachaidh/ Ní rachaidh
bí	An mbeidh tú? Beidh/ Ní _____

2. Cuir ceisteanna ar an duine in aice leat faoi na pleananna atá aige don deireadh seachtaine. Bain úsáid as na briathra mírialta san aimsir fháistineach thuas.

Ceist 5 Féach ar na sliogéisc seo. Cad iad? An bhfuil dúil agat i sliogiasc?

oisrí
muiríní
cloicheáin
ruacain

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil clú domhanda ar bhia agus ar dheoch na hÉireann, dar leat?
2. Cén cineál bia is fearr leat féin?
3. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ceannaitheoirí ón tSín a mhealladh go hÉirinn, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	i	j	a	l	b	g	c	k	e	h	d

Ceist 2
1. Fíor
2. Bréagach (ó 1946)
3. Bréagach (na Lochlannaigh agus na Gearmánaigh)
4. Fíor
5. Fíor

Ceist 3
Féach an script

Ceist 4

abair	An ndéarfaidh tú? Déarfaidh/ Ní déarfaidh
beir	An mbéarfaidh tú? Béarfaidh/ Ní bhéarfaidh
clois	An gcloisfidh tú? Cloisfidh/ Ní chloisfidh
déan	An ndéanfaidh tú? Déanfaidh/ Ní dhéanfaidh
faigh	An bhfaighidh tú? Gheobhaidh/ Ní bhfaighidh
feic	An bhfeicfidh tú? Feicfidh / Ní fheicfidh
ith	An íosfaidh tú? Íosfaidh/ Ní íosfaidh
tabhair	An dtabharfaidh tú? Tabharfaidh/ Ní thabharfaidh
tar	An dtiocfaidh tú? Tiocfaidh/ Ní thiocfaidh
téigh	An rachaidh tú? Rachaidh/ Ní rachaidh
bí	An mbeidh tú? Beidh/ Ní bheidh

Ceist 5
oisrí – oysters
muiríní – scallops
cloicheáin – prawns
ruacain – cockles

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. I mBaile Átha Cliath inniu cuireadh tús le tionól bliantúil margaíochta Bhord Bia, ar a dtugtar *Market Place*. Tá breis is cúig chéad ceannaitheoir bia agus dí tagtha as chuile chearn den domhan le freastal air. Thug roinnt acu cuairt ar Chorcaigh tráthnóna le táirgí bia mara a bhlaiseadh dóibh féin.

Grett O'Connor
Portáin is mó a phróiseálann *Carr Shellfish* i gCurrach Glas in oirthear chontae Chorcaí, ach cuireann siad go leor táirgí eile bia mara ar fáil freisin. Tá an comhlacht ar bun ó 1946 i leith. An uair sin is ar éigean a cheap éinne ó mhuintir Carr go mbeadh a gcuid portán agus diúilicíní, gliomach agus seabhdair ag dul chomh fada i gcéin leis an tSín, seasca bliain dár gcionn. Bíonn an-tóir orthu sa Chríoch Lochlann freisin agus sa Ghearmáin. Inniu le cabhair an Bhoird Bia, tháinig grúpa de cheannaitheoirí bia ar cuairt go Currach Glas chun féachaint ar an monarcha agus chun greim a fháil le n-ithe[1]. Ba as an Áise den dream seo.

'At the moment I live in Shanghai'
'China, Shanghai'
'China, Shanghai'
'I am from Singapore'
'Dubai, but originally from Ireland'

Agus bhí gach cosúlacht ann go rabhadar tógtha go maith leis an mbia a cuireadh os a gcomhair. Dúirt úinéir an chomhlachta, Billy Carr, gur deis iontach é seo chun bualadh le ceannaitheoirí ó thíortha thar lear mar gur ansiúd a bhí na margaí nua a chuirfeadh ar chumas comhlachtaí Éireannacha dul i méid. As seo go ceann trí lá beidh na ceannaitheoirí ag taisteal ar fud na tíre ag tabhairt cuairte ar fheirmeacha, ar mhonarchana agus ar shiopaí bia. Ar an Déardaoin beidh siad ar fad ar ais sa phríomhchathair do mhórthionól gnó. Tá na mílte cruinniú gearr[2] socraithe d'ionadaithe ó chomhlachtaí bia agus dí leis na ceannaitheoirí is mó go bhfuil spéis acu ina gcuid táirgí. Cá bhfios cad a d'fhéadfadh teacht as sin.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Currach Glas, Contae Chorcaí.

[1] *le hithe* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *cruinnithe gearra* a deirtear